Caibidil 4

Gníomhartha Leanúnacha

An Talmhaíocht, Geilleagar na Tuaithe agus Acmhainní Nádúrtha

Cuspóir 1 — Inmharthanacht eacnamaíoch den táirgeadh talmhaíochta ar fud an chontae a chinntiú, agus chun cothabháil an chomhshaoil.

1.1.1	Anailís a dhéanamh ar roghanna fáis ar inmharthana agus inbhuanaithe iad do ghnólachtaí feirme trí fhorfheidhmiú an Chláir um Pleanáil Iar-Fischler (PIF)	Teagasc
1.1.2	Bearta a fhorbairt le feirmeoirí a chumasú chun a leibhéil éifeachtúlachta a fheabhsú	Teagasc
1.1.4	Rannpháirteachas níos mó sa scéim REPS a spreagadh	Teagasc
1.1.5	Grúpaí comhphlé a bhunú ar fud gach earnáil talmhaíochta	Teagasc
1.1.6	Modhanna a fhiosrú, mar chuid d'fhorfheidhmiú Thionscadal Abhantrach na Sionainne, chun cleachtais talmhaíochta a rialú sna limistéir a aithnítear le truailliú ard iontu	Stiúrthóireacht Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála

Cuspóir 2 — Éileamh ar tháirgeadh áitiúil a spreagadh sna margaí nideoige ag an mbaile agus go hidirnáisiúnta araon, ag rannchur le fás gheilleagar na tuaithe dá réir

1.2.1 & 1.2.2	Tacaí a fhorbairt do tháirgeoirí lena dtáirgeadh a thabhairt chun an mhargaidh trí leibhéal de 'Tháirgeadh an Chláir' a mhéadú sna hionaid mhiondíola ar fud an Chláir	RRD
1.2.3	An cumas a bhaineann le comhordú na ngrúpaí táirgeoirí ar bhonn réigiúnach a scagadh	Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 3 — An chomhairle gairmréime agus oiliúint a dhírítear ar fheirmeoirí agus a gcéilí a fheabhsú lena gcumasú chun fanacht san fheirmeoireacht lánaimseartha nó chun a gcuid ioncam a fhorlíonadh

1.3.1	Iniúchadh a stiúradh chun riachtanais oiliúna na bhfeirmeoirí, agus a gcéilí, a aithint	Teagasc
1.3.2	Cláir oiliúna ar sofhreagrach, solúbtha agus inrochtana iad a fhorbairt d'fheirmeoirí agus dá gcuid céilí	Teagasc
1.3.3	Bunachar sonraí d'fhostóirí lasmuigh den fheirm a aithint agus a fhorbairt	Seirbhísí Faoisimh Fheirme
1.3.5	Béim a leagan ar na deiseanna fostaíochta laistigh den talmhaíocht féin	Teagasc
1.3.6	Gníomhaíocht a chur chun cinn le daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach sna cláir a bhíonn ar fáil ó na gníomhaireachtaí	Teagasc

Cuspóir 4 Earnáil uisceshaothraithe ar comhtháite agus inbhuanaithe í a fhorbairt sa Chlár

1.4.1	Straitéis Forbartha Gnó don chontae ar fad a ullmhú i gcomhair fhás inbhuanaithe an uisceshaothraithe, lena gcinnteofar comhordú na npleananna ábhartha (cinn áitiúla, Clams, Sacs srl.)	Bord Iascaigh Mhara
1.4.2	Oiliúint um bainistíocht an uisceshaothraithe a chur chun cinn	Bord Iascaigh Mhara
1.4.3	Scéim dhearbhú cáilíochta a fhorbhairt agus a fhorghníomhú don uisceshaothrú	Bord Iascaigh Mhara

Cuspóir 5 Toirteanna arda a chinntiú san fhoraoiseacht trí tháirgeadh adhmaid den scoth sa Chlár

1.5.1	Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a fhorghníomhú um bainistiú foraoiseachta	Teagasc
1.5.2	Tacaí a fhorbairt le feirmeoirí a chumasú chun rochtain a fháil ar mhargaí foraoiseachta (lonad Forbartha Foraoiseachta a bhunú trína gcuirfear chun cinn an fhoraoiseacht feirme)	RRD

Cuspóir 6 Cumas na feirmeoireachta orgánaí a fhiosrú mar chuid de tháirgeadh talmhaíochta an Chláir

1.6.1	Straitéis ar fud an chontae a fhorbairt le cumas na feirmeoireachta orgánaí a imscrúdú	Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir
1.6.2	Líonra a fhorbairt chun comhairle agus treoir a sholáthar d'fheirmeoirí um an bhfeirmeoireacht orgánach, go háirithe i leith na saincheisteanna teicniúla agus na gcaighdeán cáilíochta	Teagasc
1.6.3	Cláir oiliúna um an bhfeirmeoireacht orgánach a chur i bhfeidhm	Teagasc

Cuspóir 7 Rannchur an iascaigh le geilleagar an Chláir a mhéadú

1.7.2	Saoráidí iascaigh cois cósta a aithint óna dteastaíonn uasghrádú (mar shampla, na cuanta iascaigh) mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéisí bainistíochta turasóireachta agus cósta	Forbairt na Sionna / An Stiúrthóireacht um Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch

Forbairt Eacnamaíoch, An Nuáil agus Cumas Scileanna

Cuspóir 1 — Straitéis don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (FFS) ar comhtháite, nuálaíoch agus cuimsitheach í a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú sa chontae

2.1.2	Straitéis Chomhtháite don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil a fhorbairt	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir
2.1.3	Teimpléad méasúnaithe do gach clár oideachais agus oiliúna a fhorbairt	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir

Cuspóir 2 — Riachtanais oiliúna den lucht saothair i gContae an Chláir a aithint, agus scileanna an mhargaidh shaothair a fhorbairt agus a chothabháil do na caighdeáin idirnáisiúnta is airde

2.2.2	Tionscnaimh oideachais agus oiliúna ar saindíríthe agus solúbtha iad a fhorbairt mar fhreagra don iniúchadh scileanna, agus athbhreithnithe rialta um an margadh saothair a tháirgeadh	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir & FÁS

Cuspóir 4 — Uasghrádú scileanna agus foghlaim a sholáthar trí mheán córais inrochtana seachadta oideachasúil

2.4.1	Foghlaim sna hionaid fhor-rochtana de mhodh measctha a sholáthar, in éineacht le háiseanna cuí naíolainne agus iompair	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir

Cuspóir 5 — Feabhsú um rochtain áitiúil ar oideachais agus oiliúint an tríú leibhéal a sholáthar don Chlár

2.5.1	Saoráid don tríú leibhéal a fhorbairt i mBaile na hInse, lena gcumasaítear daoine ó gach cearn den chontae chun rochtain a fháil ar chúrsaí trí mheán na cianfhoghlama. Tabharfaidh an institiúid tosaíocht do chúrsaí ar ábhartha do gheilleagar an Chláir iad .i. an Cultúr, an Turasóireacht, an Fhoraoiseacht, an Mhuir agus an Talmhaíocht.	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir & Pobal agus Fiontar, Comhairle Contae an Chláir
2.5.2	Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le hinstitiúidí tríú leibhéal eile chun rochtain áitiúil ar chúrsaí a sholáthar	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir

Cuspóir 6 — A chinntiú go mbíonn gnólachtaí sa Chlár ag baint úsáide as Teicneolaíocht na Faisnéise agus as an ríomh-thráchtáil ar an mbealach is brabúsaí agus is éifeachtaí

2.6.2	Cláir oiliúna i dteicneolaíocht na faisnéise a fhorbairt a shásaíonn riachtanais gach gnó, go háirithe na fiontair bheaga nó ar mheánmhéid	Bord Fiontair Chontae an Chláir

Cuspóir 7	**Cultúr an fhiontair agus na nuálaíochta a shaothrú agus a fhorbairt ar fud an chontae**	
2.7.1	Oiliúint a sholáthar do mhúinteoirí a bhíonn bainteach le Cláir Fhorbartha Fiontair sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna	Bord Fiontair Chontae an Chláir
2.7.3	Cur i bhfeidhm den chlár Bí Gnóthach um an bhFiontar sna bunscoileanna ar bhonn píolótach.	Bord Fiontair Chontae an Chláir
2.7.4	Straitéis chomhordaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le fiontraithe ionchasacha a spreagadh chun a ngnólacht féin a thosú, lena n-áireofar feachtas chur chun cinn le "Patrúin na Nuálaíochta agus na Fiontraíochta" a cheiliúradh.	Forbairt na Sionna & Bord Fiontair Chontae an Chláir
Cuspóir 8	**A chinntiú gur iomchuí iad na cláir do ghnólachtaí nua ag tosú amach agus atá ann cheana le riachtanais na bhfiontraithe, go soláthraíonn siad tacaíocht leordhóthanach, go mbíonn siad inrochtana agus go mbaineann siad leas as cumas na dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide**	
2.8.2	Líonra d'ionaid eolais fhiontair a chruthú (ag úsáid na n-ionad ilseirbhísí molta de chuid na Comhairle Contae)	Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 9	**An tacaíocht do ghnólachtaí atá ann cheana a fheabhsú trí mheán córais mheantóireachta feabhsaithe**	
2.9.4	Infhaighteacht na n-aonad gortha in áiteanna straitéiseacha sa chontae a mhéadú.	Forbairt na Sionna
Cuspóir 10	**A chinntiú go mbíonn rochtain ag gnólachtaí sa Chlár ar an taighde & forbairt is déanaí um fhorbairt táirgí, taighde bia agus seachadadh seirbhíse trí naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal**	
2.10.1	Páirc Teicneolaíochta a bhunú i mBaile na hInse lena gcinnteofar go mbíonn naisc láidre ann idir gnólachtaí lonnaithe ansin agus na hionaid réigiúnacha de nuálaíocht Tríú Leibhéal um fhorbairt agus oiliúint	Forbairt na Sionna
Cuspóir 14	**An Clár a chur chun cinn mar phríomh-áit don infheistíocht isteach, le béim faoi leith á leagan ar leathadh níos cothromasaí den fhorbairt eacnamaíoch**	
2.14.3	Líon na gcuairteanna ag infheisteoirí ionchasacha sa Chlár a mhéadú	Forbairt na Sionna agus Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann

Beartais Cuimsitheachta Sóisialta (BCS)

Cuspóir 2 — Próiseas comhairliúcháin áitiúil a bhunú chun cur chuige 'ón mbonn aníos' a thabhairt do sheachadadh comhtháite seirbhísí i limistéir na hildíothachta i gContae an Chláir

3.2.1	Plean Comhtháite um Sheachadadh Seirbhíse (PCSS) a bhunú i limistéir roghnaithe le hildíothacht iontu i gContae an Chláir	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 4 — Comhionannas na rochtana ar gach seirbhís poiblí a chinntiú, lena n-áirítear do dhaoine scothaosta agus do dhaoine le míchumais

3.4.3	Monatóireacht a dhéanamh ar chomhall sna foirgnimh nua le rochtain do dhaoine le míchumas	Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 5 — Caitear le húsáideoirí na seirbhísí poiblí sa Chlár le meas agus le dínit, agus ní dhéantar leatrom ina leith

3.5.3	Líonra de Chumainn na gCónaitheoirí Údaráis Áitiúil a fhorbairt i gContae an Chláir	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 6 — Gach clár gníomhach atá bunaithe go háitiúil um an margadh saothair a phríomhshruthú agus a chomhtháthú

3.6.1	Próifíl um riachtanais agus baic fhoghlama don rochtain ar thionscnaimh oideachais agus oiliúna a dhéanamh	Coiste Gairmoideachais an Chláir

Cuspóir 8 — Priacal den mhíbhuntáiste luath oideachasúil a chosc agus a laghdú ar fud an chontae

3.8.1	Suirbhé a chur i bhfeidhm i leith na mbunscoileanna le leibhéal na n-acmhainní a theastaíonn chun tacú le forbairt na leanaí siúd is mó i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil a chinneadh	Shannon Curriculum Development Centre, An Roinn Oideachais & Eolaíochta

Cuspóir 9 — Líon na ndaltaí a fhágann an scoil go luath a laghdú ar fud an chontae

3.9.1	Straitéis oideachais réamhghníomhach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, atá ceaptha le luathfhágáil na scoile a laghdú	Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir, Scoileanna Dara Leibhéal, Ennis West and Shannon Curriculum Development Centre

Cuspóir 10 — Glacadh agus urraim don éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn ar fud an chontae

3.10.1	Feachtas saintiomanta feasachta poiblí a fhorghníomhú le feasacht a spreagadh um an éagsúlacht chultúrtha i dtéarmaí neamhnáisiúnaigh an Chláir, bunaithe ar chur chun cinn na foighne agus na hurraime frithpháirtí	Irish Council for Refugees
3.10.2	Modúl um 'éagsúlacht chultúrtha' a chur i gcuraclaim na scoile	Shannon Curriculum Development Centre

Cuspóir 11 — Tithíocht agus cóiríocht ar iomchuí í do chultúr gach grúpa a fhaigheann rochtain ar thithíocht shóisialta a sholáthar, go háirithe don lucht siúil, do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn agus do dhaoine gan dídean

3.11.1	Cinnteoidh forfheidhmiú straitéis tithíochta an Chláir méadú um sholáthar na tithíochta sóisialta agus inacmhainne	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir
3.11.2	An clár cóiríochta don lucht siúil a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú ar bhonn rialta i gcomhairle leis an spriocghrúpa ábhartha	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir
3.11.3	Monatóireacht ar an bPlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean i gContae an Chláir, agus í a dhéanamh ar bhonn rialta i gcomhairle leis an spriocghrúpa ábhartha	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir
3.11.4	Soláthar de chóiríocht LA de dhea-chaighdeán a chinntiú trí chaighdeáin fheabhsaithe um chothabháil agus deisiú tithíochta, agus forfheidhmiú na bainistíochta eastáit i limistéir roghnaithe	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir
3.11.5	Imscrúdú agus rialúchán na gcoinníollacha teaghaise a mhéadú le leibhéal íosta cáilíochta a chinntiú don tithíocht phríobháideach ar cíos	Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 12 Straitéis ar comhordaithe cuimsitheach í a fhorbairt

3.12.1	Straitéis réamhghníomhach a aithint agus a fhorbairt chun leibhéal na coiriúlachta a laghdú, ag a mbeidh na tréithe seo a leanas: • Na hacmhainní atá ar fáil a uasmhéadú chun láithreacht na nGardaí i limistéir shainaitheanta a mhéadú • Straitéisí réamhghníomhacha i limistéir faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt • Cúnamh do Thacaíocht d'Íobartaigh a mhéadú • An ról do Ghardaí Sóisearacha Idirchaidrimh a mhéadú mar chuid d'fhorfheidhmiú an Bhille um Chúram Leanaí • Méadú ar líon na dtionscadal le maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt a sholáthraíonn tacaí do dhaoine óga i mbaol baint a bheith acu leis an gcoiriúlacht • Tacaíocht don Fhaire Pobail a mhéadú • Ról na Póilíneachta Pobail a mhéadú i limistéir shainaitheanta • Leanúint ar aghaidh le forfheidhmiú an fheachtais chun leibhéal na dtimpistí trách a laghdú • Méadú sa tacaíocht do sheirbhísí a phléann le híobartaigh an fhoréigin sa bhaile	An Garda Síochana

Cuspóir 13 Forbairt chomhordaithe de sheirbhísí den scoth a chinntiú trí mheán iarracht chomhtháite d'earnáil dheonach agus pobail ar dea-mhaoinithe agus dea-thacaithe iad

3.13.3	Feachtas a chur chun cinn um an obair dheonach agus dlúthbhaint an phobail	Clare Community Forum
3.13.6	Leibhéal an eolais um oiliúint na n-oibrithe deonacha agus na n-eagras pobail a mhéadú	Clare Community Forum

Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta

Cuspóir 1 Seachadadh comhrodaithe de sheirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine den scoth a sholáthar i gContae an Chláir

4.1.1	Seirbhís Tionóisce agus Éigeandála faoi stiúir na gComhairleach a bhunú	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.1.2	Rannóg nua na nOthar Seachtrach a sholáthar ag Ospidéal Ginearálta na hInse	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.1.3	Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun líon na n-imeachtaí leighis lae ag Ospidéal Ginearálta na hInse a mhéadú	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.1.4	Rannóg úr Raideolaíochta a bhun in Ospidéal Ginearálta na hInse	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)

Cuspóir 2 Seirbhís cúraim phobail a sholáthar trína gcumasaítear daoine chun fanacht ina bpobal féin

4.2.1	Líonra Eolais Fhoghlama a bhunú le hionadaithe air ó gach soláthraí seirbhíse sa Chontae	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.2.2	Plean Comhtháite Cúraim Phobail a fhorbairt don Chlár a dhíríonn ar chúram sláinte, ar éilimh na ndaoine scothaosta, na ndaoine le míchumais, leanaí agus grúpaí mionlaigh	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)

Cuspóir 3 A chinntiú go mbíonn rochtain ag gach úsáideoir na seirbhísí meabhairshláinte ar na tacaí riachtanacha lena gcumasaítear iad chun rannpháirt iomlán a ghalcadh ina bpobail agus chun seirbhísí meabhairshláinte pobail a fhorbairt

4.3.1	Soláthar na tithíochta tacaithe agus na gclár um chóireáil sa bhaile a mhéadú	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE) / An Stiúrthóireacht Tithíochta agus Beartais Sóisialta
4.3.2	Rochtain ó fud an chontae ar ospidéil lae do dhaoine scothaosta agus síciatracha, agus cúram cónaithe iomchuí a chinntiú	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.3.3	Feachtas spreagtha feasachta poiblí a chur i bhfeidhm i measc na n-úsáideoirí siúd de na seirbhísí meabhairshláinte	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.3.4	Éilimh úsáideoirí na seirbhísí meabhairshláinte a aithint sa Phlean Cúraim Phobail atá le teacht aníos (féach Cuspóir 2)	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.3.5	Straitéis chuimsitheach um meabhairshláinte pobail a fhorfheidhmiú	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)

Cuspóir 4 — A chinntiú go mbíonn rochtain ag dach duine scothaosta sa Chlár ar réimse seirbhísí a shásaíonn a riachtanais sóisialta agus sláinte

4.4.1	Soláthar na seirbhísí seo a leanas a mhéadú faoin bPlean Cúraim Phobail; Altranas Sláinte Poiblí; Seirbhísí Liachleachtóirí; Seirbhísí Chabhair Baile; Paraimhíochaine; Seirbhísí Obair Shóisialta; Seirbhísí Cúraim Lae	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.4.2	Réimse tacaíochta a sholáthar do chúramóirí	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.4.3	Clár iompair inrochtana do dhaoine scothaosta a fhorbairt	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE) / An Fóram Iompair
4.4.4	Roghanna cúraim chónaithe ar inacmhainne agus iomchuí iad a fhorbairt	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE) / An Stiúrthóireacht Tithíochta agus Beartais Sóisialta
4.4.5	Líonraí do dhaoine scothaosta a fhorbairt	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.4.6	Comhthuiscint idir daoine scothaosta agus óga a chur chun cinn trí chomhghníomhaíochtaí agus samplaí den dea-chleachtas	Shannon Curriculum Development Centre

Cuspóir 5 — A chinntiú go ráthaítear rochtain na ndaoine le míchumais fhisiciúla, céadfaíocha agus intleachtúla ar an gcúram sláinte den scoth is fearr

4.5.1	Plean iomlánaíoch a fhorbairt chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine le míchumais sa Chlár, a phrofaítear i gcoinne na múnlaí dea-chleachtais arna bhforbairt ag an Údarás Míchumais	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.5.2	Seirbhís earcaíochta agus comhairle chuimsitheach agus deiseanna oiliúna a sholáthar do dhaoine le míchumais	FÁS / Brothers of Charity

Cuspóir 6 Cur chuige straitéiseach a chur i bhfeidhm um sholáthar áiseanna chúram leanaí i gContae an Chláir agus um chosaint leanaí agus daoine óga i mbaol

4.6.1	Infhaighteacht an chúraim leanaí ar inacmhainne agus den chéad scoth é do gach tuismitheoir sa Chontae a chinntiú trí mheán fhorfheidhmiú Straitéis an Choiste Chontae Chúraim Leanaí	Coiste Chúram Leanaí Chontae Chill Mhantáin
4.6.2	Raon na seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga i mbaol a mí-úsáide nó a bhfaillí a fheabhsú, ag díriú ar thuismitheoirí altramais, cóiríocht chónaitheach agus seirbhísí abhcóideachta	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)

Cuspóir 7 Stíl bheatha shláintiúil do gach duine sa Chlár a spreagadh agus chun tacú léi, trí mheán an oideachais agus na rochtana feabhsaithe ar sheirbhísí

4.7.1	Clár comhtháite a fhorbairt chun stíl bheatha shláintiúil a chur chun cinn trína thógáil ar na straitéisí dá bhfuil ann i ndáil le: An Mheabhairshláinte, Cúram na ndaoine scothaosta, Sláinte Leanaí, Clár chur chun cinn na Sláinte. Cuirfear i bhfeidhm na gnéithe sin mar chuid de Chuspóir 2	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)
4.7.2	An Straitéis Spórt do Chontae an Chláir a chur i bhfeidhm	Clare Sports Partnership
4.7.3	Seirbhísí cóireála drugaí agus alcóil agus cláir choiscthe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud an chontae	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE)

Cuspóir 8 Forbairt chomhordaithe de sheirbhísí den scoth a chinntiú trí mheán iarracht chomhtháite d'earnáil dheonach agus pobail ar dea-mhaoinithe agus dea-thacaithe iad

4.8.1	Líonra a fhorbairt do chúramóirí agus d'eagrais a thacaíonn le cúramóirí	Feidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Mhéan Iarthair (HSE) / Caring for Carers
4.8.2	Cistiú fadtéarmach don earnáil dheonach agus pobail a mhéadú, a sheachadtar ar bhunús na cuntasachta, na gcomhpháirtíochtaí fadtéarmacha agus na gcuspóirí comhaontaithe de sheachadadh seirbhíse	Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir

An Bonneagar, An Phleanáil, An Fhorbairt Spásúil agus an Comhshaol

Cuspóir 1 — Cumas an fhuinnimh ailtéarnaigh a fhorbairt, de réir mar is cuí, mar acmhainn eacnamaíoch do Chontae an Chláir

5.1.1	Beartas comhtháite comhaontaithe a fhorbairt, bunaithe ar mhúnlaí an dea-chleachtais, idir gach leas-sealbhbóir um na riachtanais teicniúla agus pleanála do na feirmeacha gaoithe	Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir
5.1.5	Beartas agus plean dá réir a fhorbairt chun cumas na bhfuinneamh ailtéarnach in-athnuaite eile a chur chun cinn, cuir i gcás an bhithmhais, an díleá anaeróbach, cumhacht gréine agus tonnta	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 2 — Ról Aerfort na Sionna a fheabhsú

5.2.1	Straitéis a fhorbairt um fhorbairt fhadtéarmach Aerfort na Sionna mar ionad don Eoraip agus do Mheiriceá Thuaidh	Shannon Airport Authority
5.2.2	Minice agus uainíocht na n-eitiltí ó Shionna go Baile Átha Cliath a fheabhsú chun éilimh na ngnólachtaí agus an phobail i gcoitinne a shásamh	Shannon Airport Authority
5.2.3	Measúnú leanúnach um na héilimh bhonneagair d'fheabhsú na rochtana ar Aerfort na Sionna	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 3 — Iompar poiblí ar inrochtana agus éifeachtúil é a sholáthar i ngach cearn de Chontae an Chláir trí mheán bonneagair fheabhsaithe de bhóithre agus iarnróid

5.3.2	Fóram Iompair a bhunú chun cur chuige straitéiseach a fhorbairt do riachtanais iompair Chontae an Chláir	Iompar & Bonneagar agus Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir
5.3.3	Seirbhísí iompair phoiblí/phríobháideacha a shíneadh sna ceantair thuaithe	Bus Éireann
5.3.5	Múnlaí ón Ríocht Aontaithe a imscrúdú, mar a mbíonn an t-údarás ag Comhairlí chun seirbhísí iompair a cheannach sna ceantair thuaithe	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
5.3.6	Staidéar Teicniúil a dhéanamh um nasc iarnróid ardluais chuig Baile na Sionna	Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir
5.3.8	Staidéar Teicniúil a dhéanamh um uasghrádú na líne idir Corcaigh agus Sligeach	CDBí ar feadh Chonair an Iarthair

Cuspóir 4	**Bonneagar cuimsitheach leictreachais agus teileachumarsáide a sholáthar i gContae an Chláir**	
5.4.1	Straitéis a ullmhú, lena gcinnteofar go mbeidh bonneagar leictreachais ag Contae an Chláir a shásóidh a riachtanais chónaithe agus tionsclaíocha go léir	BSL
5.4.2	Straitéis chomhtháite teileachumarsáide a fhorbairt do Chontae an Chláir	Shannon Broadband
5.4.3	An fhéidearthacht a bhaineann leis na línte ISDN agus córais eile (gan sreang/ leathanbhanda) go comhuaineach le bonneagar úr iarnróid agus bóithre	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 5	**Scaipeadh cothrom agus cothromasach na forbartha a chinntiú ar fud an chontae chun tacú le hinmharthanacht na ndaonraí tuaithe**	
5.5.1	Beartas Forbartha Spásúla a fhorbairt, a thacóidh le dílárnú gach gníomhaireacht de chuid na seirbhíse poiblí chuig na hionaid fháis sainaitheanta, mar atá: Inis, Cill Rois, Inis Díomáin, An Scairbh, An Sionna agus Cill Dalua	Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir
5.5.3	Úsáid na scéimeanna dreasachta speisialta a uasmhéadú do bhailte ainmnithe sa chontae	Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir
5.5.4	Cinnteoidh Comhairle Contae an Chláir, i dteannta le forfheidhmiú Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt (2000), soláthar de thithíocht shóisialta, inacmhainne agus suímh inacmhainne ar fud an chontae ar thalamh criosaithe	Tithíocht & Beartas Sóisialta, Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 6	**Caighdeán an uisce agus an aeir i gContae an Chláir a fheabhsú chun an leibhéal optamach a shroicheadh de réir mar a shainítear san AE agus sna caighdeáin idirnáisiúnta**	
5.6.2	Feachtas feasachta um shuiteáil, uasghrádú agus bainistiú ceart na n-umar seipteach, idir chinn chónaithe agus tráchtála	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir
5.6.3	Forfheidhmiú uasta na rialachán truaillithe	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir agus Bord Iascaigh Réigiúnacha na Sionainne
5.6.4	Plean Bainistithe Abhantrach na Sionainne a chur i bhfeidhm um uasghrádú an screamhuisce, na n-aibhneacha, na lochanna agus na n-uiscí cósta	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir
5.6.5	Monatóireacht rialta agus iomchuí na n-eagras lena n-eisítear Ceadúnais Scaoilte chun Uisce	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir
5.6.6	Rochtain ar thorthaí cáilíochta uisce agus aeir sa chontae	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 7	**Beartas bainistithe dramhaíola inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, a fhéachann le héilimh na dteaghlach agus an tionscail a shásamh, lena n-áirítear an talmhaíocht agus an turasóireacht**	
5.7.1	An Plean Bainistithe Bruscair don Chlár a fhorfheidhmiú	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir
5.7.3	Scéimeanna oiliúna a fhorfheidhmiú agus a fhorbairt chun eolas agus oideachas a chur ar gach leas-sealbhóir um thairbhe na hathchúrsála.	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 8	**Contae an Chláir a bheith ina chontae saor ó bhruscar**	
5.8.3	'Clár na Scoileanna Glasa' a chur chun cinn i measc scoileanna an Chláir	Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 9	**Éifeacht na dtuilte ar Chontae an Chláir a íosmhéadú**	
5.9.1	Infheistiú um chosaint in aghaidh tuilte agus um scéimeanna draenála a luathú	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
5.9.2	A chinntiú go lorgaítear an cistiú chun suirbhéanna de gach ceantar i mbaol ó thuilte, agus a chinntiú go gcuirfear na torthaí i bhfeidhm	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
5.9.3	Leanúint den infheistíocht i mbearta fuascailte tuilte	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
5.9.4	Cuanta óna dteastaíonn forbairt a aithint agus na bearta a chur i bhfeidhm	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 10	**Éifeacht an chreimithe chósta a íosmhéadú, agus múnlaí dea-chleachtais a fhorbairt um bainistiú cósta i gContae an Chláir**	
5.10.1	Forfheidhmiú an chláir thosaíochta cosanta um chreimeadh cósta a mhonatóireacht	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir
Cuspóir 11	**Seirbhísí uisce i gContae an Chláir a fheabhsú**	
5.11.2	Céim 2 den Phlean Straitéiseach um Uisce Tuaithe a ullmhú agus a chur i bhfeidhm	Iompar & Bonneagar, Comhairle Contae an Chláir



An Turasóireacht, An Cultúr agus An Oidhreacht

Cuspóir 1 Táirge turasóireachta comhtháite den scoth a fhorbairt agus a sheachadadh, lena gcinnteofar go scaipfear fás na turasóireachta thar na hionaid seanbhunaithe agus na bailte móra isteach sna ceantair thuaithe

6.1.6	Féidearthacht na hionadaíochta ó na hearnálacha pobail/deonacha agus turasóireachta ar chomhlachtaí réigiúnacha agus contae forbartha turasóireachta a imscrúdú	Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 3 Poitéinseal Shéasúr Neamhbhuaice na Turasóireachta sa Chlár a fhorbairt

6.3.3	Ceantair faoi leith de Bhéal na Sionainne a ainmniú do ghníomhaíochtaí/spóirt uisce speisialtachta, le húsáid uasta bhéal na Sionainne a chinntiú	Údarás Calafoirt Fhaing na Sionainne

Cuspóir 4 Earnáil ealaíon bhríomhar a fhorbairt, ar inrochtana do chách í, agus a chuireann béim ar thábhacht na n-ealaíon traidisiúnta, go háirithe an ceol agus an damhsa; agus an Clár a fhorbairt mar áit tharraingteach chun ealaíontóirí le cur fúthu inti

6.4.2	Beartas do na healaíona traidisiúnta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, a bhuíochas do Phlean Ealaíon an Chontae	Oifig na nEalaíon, Comhairle Contae an Chláir
6.4.6	Bealaí a aithint inar féidir cáil idirnáisiúnta an Chláir mar lárionad don cheol traidisiúnta a aithint agus a fheabhsú	Oifig na nEalaíon, Comhairle Contae an Chláir
6.4.7	Feachtas Feasachta Cultúir a fhorbairt, lena gcuimseofar éagsúlacht meán	Comhairle Contae an Chláir

Cuspóir 5 Úsáid na Gaeilge i ngach gné de shaol an Chontae a mhéadú

6.5.1	Na treoirlínte reatha um úsáid na Gaeilge sna seirbhísí poiblí a chur i bhfeidhm, agus bealaí nuálaíocha chun tacú le húsáid a fhorbairt	Comhairle Contae an Chláir
6.5.3	'Lá do labhairt na Gaeilge' a chur leis an tseachtain oibre, agus ranganna Gaeilge a eagrú d'fhostaithe	Comhairle Contae an Chláir
6.5.4	Cáipéis beartais Ghaeilge a fhorbairt don phobal i gcoitinne agus do gach gníomhaireacht de chuid na seirbhíse poiblí	Comhairle Contae an Chláir



Cuspóir 6 Coinneáil agus caomhnú d'oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an Chláir a chinntiú mar phrionsabal bunúsach de gach forbairt beartais

6.6.1	Ullmhú an Phlean Oidhreachta	Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir
6.6.2	Pleananna bainistíochta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun éiceachórais leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear SACí, cuir i gcás an Bhoirinn	NPWS (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil)

Cuspóir 7 Luachanna láidre oidhreachta an Chláir a chur in iúl dá daonra dúchasach agus dá cuairteoirí ón gcoigríoch araon

6.7.1	Straitéis spreagtha Feasachta ar saindírithe í a fhorbairt don oidhreacht thógtha agus nádúrtha, le tagairt ar leith do thionscnaimh oideachais oidhreachta sna scoileanna sa Chlár	Dúchas/Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir
6.7.2	Taifid bhéaloidis a chaomhnú sa chontae agus líonraí a bhunú chun eolas áitiúil a ghabháil i ndáil le suímh áitiúla agus an béaloideas lena mbaineann, agus an t-eolas sin a fhoilsiú	Leabharlanna Contae an Chláir

Cuspóir 8 Séadchomharthaí náisiúnta an chontae a chothabháil agus a chosaint

6.8.1	Láithreacha a iniúchadh le dóthanacht agus oiriúnacht na n-áiseanna a chinntiú; meánlíon na gcuairteoirí agus a ndearcadh a aithint	Oifig na nOibreacha Poiblí
6.8.2	Treoirlínte a fhorbairt le leibhéal bonnlíne saoráidí ag gach láithreán oidhreachta a chinntiú	Oifig na nOibreacha Poiblí
6.8.3	Treoirlínte míchumais a chur i bhfeidhm le rochtain ar láithreáin a éascú	Oifig na nOibreacha Poiblí
6.8.5	Straitéis Séadchomharthaí Contae a fhorbairt lena gcinnteofar cosaint agus caomhnú shéadchomharthaí an Chláir	Dúchas